Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11192 — CDC / VAUBAN / CORIANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 323/08)

1. An 31 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vauban Infrastructure Partners ('Vauban', an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh BPCE S.A. ('BPCE', an Fhrainc) amháin,

— Caisse des Dépôts et Consignations ('CDC', an Fhrainc),

— Coriance Holding ('Coriance', an Fhrainc).

Gheobhaidh Vauban agus CDC comhrialú ar Coriance ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é Vauban a bhfuil speisialtóireacht aige in infheistíochtaí i mbonneagar cothromais phríobháidigh a chuireann le forbairt inbhuanaithe na bpobal áitiúil agus a dtimpeallacht,

— Is institiúid phoiblí de chuid na Fraince í CDC, a bhfuil stádas dlíthiúil speisialta aici, atá i mbun gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus leasa ghinearálta chomh maith le gníomhaíochtaí atá oscailte don iomaíocht,

— Tá Coriance gníomhach den chuid is mó in earnálacha an téimh agus an fhuaraithe ceantair sa Fhrainc agus sa Bheilg.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11192 — VAUBAN / CDC / CORIANCE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË